Comhairle an Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 20 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14074/25**

| | |
|---|---|
| **COASI 126** | **AG 157** |
| **ASIE 43** | **POLMIL 312** |
| **CFSP/PESC 1481** | **POLCOM 300** |
| **RELEX 1304** | **DIGIT 198** |
| **ENER 531** | **AGRI 496** |
| **ENV 1028** | **TRANS 472** |
| **CLIMA 441** | **EDUC 386** |
| **DEVGEN 177** | **MIGR 349** |
| **ECOFIN 1356** | **GLOBAL GATEWAY 34** |
| **COMPET 1019** | **MOG 124** |
| **RECH 446** | **CYBER 275** |
| **FIN 1213** | **CT 129** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13676/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | Clár oibre straitéiseach nua idir an tAontas agus an India:<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 20 Deireadh Fómhair 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre Straitéiseach nua idir an tAontas agus an India, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4125ú cruinniú a bhí aici an 20 Deireadh Fómhair 2025.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre Straitéiseach nua idir an tAontas agus an India**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus an India ag dul ó neart go neart, mar a léirítear le tiomantas an Aontais don Chlár Oibre Straitéiseach nua leis an India, a d’fhógair Uachtarán an Choimisiúin i dTreoirlínte Polaitiúla 2024-2029, agus le cuairt Choláiste na gCoimisinéirí ar an India i mí Feabhra 2025. Is féidir le comhar feabhsaithe idir an tAontas agus an India i gcúrsaí polaitiúla, trádála, eacnamaíocha, taighde agus nuálaíochta, agus slándála a bheith ina chuidiú chun rathúnas agus cobhsaíocht a bhaint amach don dá phobal.

2. Formhuiníonn an Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an gClár Oibre Straitéiseach nua idir an tAontas agus an India ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún Eorpach, agus na colúin tosaíochta a shainaithnítear leis chun na naisc idir an tAontas agus an India a dhoimhniú, lena n-áirítear rathúnas agus inbhuanaitheacht, teicneolaíocht agus nuálaíocht, slándáil agus cosaint, agus nascacht agus saincheisteanna domhanda, a bhfuil na príomhchumasóirí ar fud na gcolún mar bhonn taca leo.

3. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil na tosaíochtaí sin idirnasctha, go dtreisíonn siad a chéile agus go bhfuil siad chun leasa comhroinnte an Aontais agus na hIndia araon. Freagraíonn na tosaíochtaí do riachtanais, deiseanna agus bagairtí atá ag teacht chun cinn i dtimpeallacht gheopholaitiúil inarb iad éagobhsaíocht agus dothuarthacht sainghnéithe di. Ar leibhéal déthaobhach, réigiúnach agus domhanda, is féidir le gníomhaíocht chomhpháirteach agus idirphlé tríd an gComhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus an India beart a dhéanamh don dá thaobh.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle na tionscnaimh atá beartaithe sa Teachtaireacht Chomhpháirteach chun borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch agus faoin tslándáil eacnamaíoch agus chun aghaidh a thabhairt ar aon dúshláin a bhaineann leis na spriocanna sin trí shlabhraí soláthair a neartú agus a éagsúlú, trí chumais taighde agus nuálaíochta a fheabhsú agus trí mhargaí a oscailt.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun Comhaontú Saorthrádála (CST) atá cothrom, uaillmhianach, comhthairbheach agus fónta ó thaobh an gheilleagair de a thabhairt i gcrích. Agus an cuspóir sin á chur san áireamh, meabhraímid aidhm an Choimisiúin Eorpaigh agus rialtas na hIndia araon an chaibidlíocht a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana seo. Ní mór go n-áireofaí leis sin rochtain fheabhsaithe ar an margadh, deireadh a chur le bacainní trádála, agus forálacha maidir le forbairt inbhuanaithe. Tá infheistíocht dhíreach choigríche ina spreagadh ríthábhachtach don fhás eacnamaíoch agus don fhorbairt theicneolaíoch. Tacaíonn an Chomhairle le hiarrachtaí an Aontais agus na hIndia timpeallacht infheistíochta níos oscailte agus níos trédhearcaí a chruthú, lena n-áirítear tríd an gComhaontú Saorthrádála, tríd an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta Idir an Aontas agus an India, agus trí obair na gcomhlachas gnó lena n-áirítear Cónaidhm Ghnó na hEorpa san India. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go bhfuiltear ag féachaint leis an gComhaontú Cosanta Infheistíochta agus an Comhaontú maidir le Tásca Geografacha idir an tAontas agus an India a thabhairt i gcrích ag an am céanna.

6. Tacaíonn an Chomhairle le hiarrachtaí na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta a threisiú i réimsí atá fíor-riachtanach don tsalándáil eacnamaíoch, don rathúnas agus don chobhsaíocht, lena n-áirítear an digitiú, an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí fuinnimh ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe agus slabhraí soláthair athléimneacha. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí atá á ndéanamh chun an comhar a neartú i bpríomhréimsí straitéiseacha teicneolaíochta, ar nós leathsheoltóirí. Ag an am céanna, ní mór é a bheith ina thosaíocht chomhroinnte cosc a chur ar aistriú neamhúdaraithe teicneolaíochtaí íogaire nó ar mhí-úsáid teicneolaíochtaí íogaire. Beidh rannpháirtíocht níos dlúithe gnólachtaí in obair na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta ina cuidiú chun seachadadh éifeachtach a áirithiú.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle doimhniú na gcomhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta, lena ndéantar éiceachórais bhríomhara nuathionscanta an Aontais agus na hIndia agus na huirlisí nuálaíochta faoi seach a ghiaráil, lena n-áirítear tríd an gComhpháirtíocht Nuathionscanta atá beartaithe idir an tAontas agus an India, trí Mhoil Nuálaíochta de chuid an Aontais agus na hIndia agus tríd an gcuireadh a tugadh don India a bheith comhlachaithe le Fís Eorpach.

8. Tá an t-aistriú glas i gcroílár na n-iarrachtaí chun an fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur ar aghaidh. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá Comhaontú Pháras agus a sprioc 1.5 °C, an tAthbhreithniú Domhanda, an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht Bhitheolaíoch agus Clár Oibre 2030. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór oibriú chun astaíochtaí domhanda a laghdú, lena n-áirítear trí rannchuidithe ar fud an gheilleagair, arna gcinneadh go náisiúnta, lena gcuimseofar gach gás ceaptha teasa, agus trí chomhoibriú maidir le dícharbónú tionsclaíoch chun iarann agus cruach dhícharbónaithe a tháirgeadh. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur príomhchreat le haghaidh comhair í an Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an India um Fhuinneamh Glan agus an Aeráid, agus is díol sásaimh di an gealltanas chun an comhar i dtaca le fuinneamh ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe, lena n-áirítear hidrigin, agus teicneolaíochtaí criticiúla eile, a chur ar aghaidh, chun tacú le cuspóirí comhroinnte fuinnimh, aeráide agus forbartha eacnamaíche.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle tionscnaimh darb aidhm an nascacht idir an tAontas agus an India a neartú. Tá ról ríthábhachtach ag Global Gateway an Aontais maidir le tacaíocht airgeadais agus theicniúil a chur ar fáil i gcomhair bonneagar athléimneach agus nascacht shlán iontaofa. Trí dhul i gcomhar leis an India ar an gConair Eacnamaíoch idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip, lena n-áirítear tríd an Global Gateway, tá deiseanna nua i ndáil le nascacht thrasréigiúnach ag teacht chun cinn.

10. Tá an iliomad dúshlán roimh an Aontais agus an India araon i ndomhan ina bhfuil cúrsaí geopholaitiúla ag éirí níos casta. Ar na dúshláin sin tá sáruithe ar iomláine chríochach, imscaradh agus freachnaimh mhíleata naimhdeacha, sceimhlitheoireacht, bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear Ionramháil agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis (FIMI), baic ar shaoirse loingseoireachta agus traseitilte, armáil an spáis agus tionchar an athraithe aeráide agus dhíghrádú an chomhshaoil ar an tslándáil.

11. Leanfaidh an tAontas de bheith i dteagmháil leis an India maidir le gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin - ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe - lena n-áirítear iarrachtaí i dtreo síocháin chóir mharthanach, cosc a chur ar earraí ón láthair chatha agus teicneolaíochtaí dé-úsáide a athonnmhairiú chuig an Rúis, cur i gcoinne cleachtais neamhdhleathacha scáthfhlít na Rúise, chomh maith le teacht timpeall ar smachtbhannaí an Aontais, go háirithe ar onnmhairí ola na Rúise. Tá an tAontas réidh chun dul i dteagmháil leis an India in Idirphlé maidir le hÉagsúlú Allmhairiúcháin Fuinnimh agus é an aidhm a bheidh aige foinsí iontaofa inacmhainne a áirithiú. Agus leasanna straitéiseacha, slándála agus tráchtála á gcur san áireamh, tá an tAontas agus an India araon tiomanta do réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach atá saor agus oscailte, agus an dlí idirnáisiúnta mar bhonn taca leis, lena n-áirítear UNCLOS. Le rannpháirtíocht an Aontais i gComhlachas Imeall an Aigéin Indiaigh agus i dTionscnamh na nAigéan Ind-Chiúin-Aigéanach, i gcomhar leis an India, cuirtear spás ar fáil le haghaidh níos mó rannpháirtíochta.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle comhar níos dlúithe idir an tAontas agus an India maidir le cúrsaí slándála agus cosanta bunaithe ar phrionsabail na muiníne frithpháirtí agus na hurraime. Tugann an Chomhairle dá haire an rún leanúint den obair chun Comhpháirtíocht Slándála agus Cosanta a bhunú, lena bhféadfaí creat cuimsitheach a chur ar fáil chun comhar níos dlúithe a chumasú agus chun an t-idirphlé agus an rannpháirtíocht atá ann cheana agus atá ar na bacáin a threisiú, lena n-áirítear maidir leis an tslándáil mhuirí, neamhleathadh agus dí-armáil, an spás, an fhrithsceimhlitheoireacht agus cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha a chomhrac, agus comhar tionsclaíoch i réimse na cosanta a éascú nuair is iomchuí. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh tuilleadh forbartha ar an gcomhar frithsceimhlitheoireachta, lena n-áirítear trí chomhar oibríochtúil a chur chun cinn, an comhar idir Europol agus Biúró Lárnach Imscrúdúcháin na hIndia mar shampla. Tugann an Chomhairle dá haire na céimeanna chun Comhaontú maidir le Slándáil Faisnéise a thabhairt i gcrích chun malartú faisnéise rúnaicmithe agus comhar níos láidre i réimsí na slándála agus na cosanta a éascú, i gcomhréir le leasanna slándála an Aontais agus a Bhallstát, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le rannpháirtíocht na hIndia i dtionscnaimh slándála agus cosanta an Aontais i gcomhréir le creataí atá bunaithe ar Chonarthaí an Aontais.

13. Tacaíonn an Chomhairle le forbairt gníomhaíochtaí comhpháirteacha mara le Cabhlach na hIndia, lena n-áirítear trí EUNAVFOR ATALANTA agus EUNAVFOR ASPIDES a shlógadh, agus feasacht staide muirí a threisiú a thuilleadh, d'fhonn measúnú, comhordú agus idir-inoibritheacht chomhroinnte a chur chun cinn, chomh maith le dea-chleachtais agus faisnéis a chomhroinnt i ndlúthchomhar leis na Ballstáit maidir le bonneagar muirí criticiúil a chosaint. Tá an Chomhairle ag súil le rannpháirtíocht fhéideartha na hIndia i misin shibhialta agus mhíleata faoi chuimsiú Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais, agus lánurraim á tabhairt do na próisis chinnteoireachta faoi seach.

14. Déanfar cineál forbhreathnaitheach na comhpháirtíochta straitéisí idir an tAontas agus an India a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear trí chomhar tríthaobhach le tríú stáit i réimsí áirithe, mar shampla bonneagar poiblí digiteach, trí rannpháirtíocht ar an leibhéal domhanda chun tacú le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide i dtríú tíortha, ag obair i gcomhar leis an gComhghuaillíocht do Bhonneagar atá Athléimneach i leith Tubaistí agus leis an gComhaontas Idirnáisiúnta Gréine, agus trí iarrachtaí comhroinnte i réimsí an chúnaimh dhaonnúil, na hullmhachta agus an bhainistithe tubaistí, na soghluaisteachta inbhuanaithe agus an iompair inbhuanaithe.

15. Leagann an Chomhairle béim ar chumas agus ar fhreagracht chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh agus na hIndia an t-iltaobhachas agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint agus Cairt na Náisiún Aontaithe ina chroílár, chomh maith leis an gcóras iltaobhach trádála, go háirithe EDT. Is dlúthchuid den chlár oibre straitéiseach idir an tAontas agus an India é cur chun cinn agus cosaint luachanna agus noirm dhaonlathacha, an dlí idirnáisiúnta agus cearta an duine, lena n-áirítear cearta na mban agus na leanaí, atá mar bhonn taca faoi na tosaíochtaí straitéiseacha a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach. Ba cheart don Aontas agus don India leanúint dá rannpháirtíocht a neartú maidir leis na luachanna comhroinnte sin agus an comhar a threisiú go déthaobhach agus i bhfóraim iltaobhacha i gcás inar féidir.

16. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí méadaithe atá á ndéanamh chun nósanna imeachta imirce agus soghluaisteachta atá ordúil, sábháilte, rialta agus freagrach a chur chun cinn agus a éascú do ghairmithe oilte idir an tAontas agus an India — agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú ag an am céanna — trí thionscnaimh nua spriocdhírithe, leithéidí an Oifig Tairsí Dlíthiúla Eorpacha, lena ndírítear ar nascacht níos fearr ár margaí saothair agus ar leas frithpháirteach ár riachtanais i margadh an tsaothair, chomh maith le dlús a chur leis na hiarrachtaí maidir leis an imirce neamhrialta a chomhrac.

17. Tacaíonn an Chomhairle le naisc idir daoine agus le hidirphlé struchtúrtha idir an tAontas agus an India a neartú, go háirithe trí chomhar feabhsaithe san ardoideachas, sa taighde, sna meithleacha machnaimh agus sa nuálaíocht, chomh maith le malartuithe cultúrtha, mar mhodh chun cúrsaíocht tallainne a chothú, tacú le forbairt scileanna, agus infheistíocht a dhéanamh sna glúnta atá le teacht.

18. Meabhraítear don Chomhairle an dlúthchomhar idir Ballstáit an Aontais agus an India sna réimsí tosaíochta a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach agus a thábhachtaí atá sé atreisiú frithpháirteach agus tionchar rannpháirtíocht an Aontais agus Bhallstáit an Aontais sna réimsí sin a áirithiú.

19. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún an clár oibre straitéiseach nua idir an tAontas agus an India a chur in iúl agus a chur chun feidhme ar bhonn na dtosaíochtaí a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach.

---